V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10818 — TOTALENERGIES / GIP / CLEARWAY ENERGY GROUP / SUNPOWER GROUP)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 283/08)

1. An 18 Iúil 2022 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— TotalEnergies SE ("TotalEnergies", an Fhrainc),

— Global Infrastructure Management, LLC ("GIP", na Stáit Aontaithe),

— Clearway Energy Group, LLC ("CEG", na Stáit Aontaithe) agus a fhochuideachtaí (i dteannta a chéile, "Clearway Energy Group"),

— SunPower Corporation ("SPWR", na Stáit Aontaithe) agus a fhochuideachtaí (i dteannta a chéile, "SunPower Group").

Gheobhaidh TotalEnergies agus GIP go hindíreach rialú comhpháirteach ar Clearway Energy Group agus SunPower Group de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— TotalEnergies: cuideachta fuinnimh a thrádáiltear go poiblí agus atá rannpháirteach ar scála domhanda sa tionscal ola agus gáis. Tá TotalEnergies gníomhach freisin ar fud an domhain in earnáil an fhuinnimh inathnuaite, in earnáil na giniúna cumhachta, agus i ngnólachtaí neodrachta carbóin,

— GIP: bainisteoir ciste bonneagar domhanda neamhspleách a dhíríonn go príomha ar infheistíocht a dhéanamh in earnálacha an iompair, an fhuinnimh, an bhonneagair dhigitigh agus na dramhaíola/an uisce,

— Clearway Energy Group: infheisteoir i mbonneagar fuinnimh a dhíríonn ar infheistíochtaí sna Stáit Aontaithe,

— SunPower Group: soláthraí seirbhísí teicneolaíochta agus fuinnimh gréine sna Stáit Aontaithe agus i gCeanada.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10818 — TOTALENERGIES / GIP / CLEARWAY ENERGY GROUP / SUNPOWER GROUP

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.